Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
C/2026/4742
17.9.2026
GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4742)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú go páirteach

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2026) 6184	10 Meán Fómhair 2026	aigéad crómach (Uimh. CE: 231-801-5, Uimh. CAS: 7738-94-5), aigéad déchrómach (Uimh. CE: 236-881-5, Uimh. CAS: 13530-68-2), olagaiméirí d'aigéad crómach agus d'aigéad déchrómach	Robert Bosch Manufacturing Solutions GmbH, Wernerstrasse 51, Postfach 300220, 70469 Stuttgart, an Ghearmáin	REACH/26/25/0	Úsáid mar leictrilít i bplátáil chróim fheidhmiúil i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hinnealra plátála speisialaithe a choimisiúnú, a bhaineann le táirgeadh sraithe páirteanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, a bhaineann le táirgeadh micreabhaisce insteallairí agus a bhaineann le tástáil páirteanna spártha	An 21 Iúil 2036	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4742/oj